# IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908

## ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
## ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997

## OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

## REACHT CCLXXII

# Irish Universities Act, 1908

# Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929
# Acht na nOllscoileanna, 1997

# Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

## REACHT CCLXXII

Faoi agus de bhua na gcumhacht chuige sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.

Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an séú lá seo de Mhárta, Dhá Mhíle agus a Dó.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

## SCEIDEAL - REACHT CCLXXII

Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.

# Irish Universities Act, 1908

# Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929
# Universities Act, 1997

# National University of Ireland, Galway

## STATUTE CCLXXII

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University.

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this sixth day of March, Two Thousand and Two.

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

## SCHEDULE - STATUTE CCLXXII

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth.

## CAIBIDIL I

1. Bunaítear leis seo san Ollscoil an Léachtóireacht lánaimseartha seo a leanas:

   **Léachtóireacht le Léann na Bantrachta.**

2. Is é tuarastal bliantúil a ghabhfaidh leis an Léachtóireacht réamhráite ná an tuarastal a ghabhann ó am go chéile le Léachtóireachtaí lánaimseartha na hOllscoile.

3. Is oifig inphinsin í an Léachtóireacht sin de réir forálacha Reachtanna CLXI, CLXV, CLXXXVI, CLXXXVII, CCVII agus CCXXVI, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

4. Beidh sealbhóir na Léachtóireachta sin i seilbh oifige, má bhíonn sé/sí dea-iompartha agus go gcomhlíonfaidh a d(h)ualgais go cuí, go dtí go slánaí sé/sí cúig bliana seascad d'aois, agus féadfar é/í a choimeád in oifig ina dhiaidh sin go ceann cúig bliana eile : AR CHOINNÍOLL go molfaidh an tUachtarán d'Údarás na hOllscoile agus go gceadóidh Údarás na hOllscoile, gach bliain, é/í a choimeád in oifig amhlaidh.

5. Comhlíonfaidh sealbhóir na Léachtóireachta sin dualgais na Léachtóireachta faoi stiúrú cibé Ollaimh nó cibé Ceann Roinne a mheasfaidh Údarás na hOllscoile is iomchuí.

## CAIBIDIL II

1. Bunaítear leis seo san Ollscoil an Léachtóireacht lánaimseartha seo a leanas:

   **Léachtóireacht le Gnáthdhochtúireacht.**

2. Is é tuarastal bliantúil a ghabhfaidh leis an Léachtóireacht réamhráite ná an tuarastal a ghabhann ó am go chéile le Léachtóireachtaí lánaimseartha na hOllscoile; féadfar an tuarastal sin a mhéadú nó a laghdú le rún ó Údarás na hOllscoile nuair a chinnfear ar an socrú atá luaite in Alt 6 den Chaibidil seo.

3. Is oifig inphinsin í an Léachtóireacht sin de réir forálacha Reachtanna CLXI, CLXV, CLXXXVI, CLXXXVII, CCVII agus CCXXVI, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

## CHAPTER I

1. There is hereby established in the University the following fulltime Lectureship:

   **Lectureship in Women's Studies.**

2. The annual stipend attaching to the foregoing Lectureship shall be the same as that attaching from time to time to the fulltime Lectureships of the University.

3. The said Lectureship shall be a pensionable office in accordance with the provisions of Statutes CLXI, CLXV, CLXXXVI, CLXXXVII, CCVII and CCXXVI, National University of Ireland, Galway.

4. The holder of the said Lectureship shall, subject to good conduct and the due fulfilment of his/her duties, continue in office until (s)he shall have attained the age of sixty-five years, and may thereafter be continued in office for five further years : PROVIDED that such further continuance in office be recommended to Údarás na hOllscoile by the President and be sanctioned annually by Údarás na hOllscoile.

5. The holder of the said Lectureship shall carry out the duties of the Lectureship under the direction of such Professor or such Head of Department as Údarás na hOllscoile shall deem appropriate.

## CHAPTER II

1. There is hereby established in the University the following fulltime Lectureship:

   **Lectureship in General Practice.**

2. The annual stipend attached to the foregoing Lectureship shall be the same as that attaching from time to time to the fulltime Lectureships of the University; the said stipend may be enhanced or reduced by resolution of Údarás na hOllscoile following determination of the arrangement referred to in Section 6 of this Chapter.

3. The said Lectureship shall be a pensionable office in accordance with the provisions of Statutes CLXI, CLXV, CLXXXVI, CLXXXVII, CCVII and CCXXVI, National University of Ireland, Galway.

4. Beidh sealbhóir na Léachtóireachta sin i seilbh oifige, má bhíonn sé/sí dea-iompartha agus go gcomhlíonfaidh a d(h)ualgais go cuí, go dtí go slánaí sé/sí cúig bliana seascad d'aois, agus féadfar é/í a choimeád in oifig ina dhiaidh sin go ceann cúig bliana eile : AR CHOINNÍOLL go molfaidh an tUachtarán d'Údarás na hOllscoile agus go gceadóidh Údarás na hOllscoile, gach bliain, é/í a choimeád in oifig amhlaidh.

5. Beidh ar shealbhóir na Léachtóireachta sin teagasc cliniciúil a thabhairt do mhic léinn na hOllscoile ar na huaireanta agus sna háiteacha a ordófar ag an gComhairle Acadúil, ach go bhféadfaidh Údarás na hOllscoile iad sin a athbhreithniú.

6. Comhlíonfaidh sealbhóir na Léachtóireachta sin, freisin, na dualgais phroifisiúnta sin is iomchuí don oifig de réir socraithe a chinnfear ag Údarás na hOllscoile.

7. Beidh bac ar shealbhóir na Léachtóireachta sin bheith ag gabháil do chleachtadh príobháideach nó do chomhairleoireachtaí de chineál ar bith nó táillí ar bith a bheas faighte aige/aici i dtaca lena c(h)uid oibre a choinneáil, ach amháin sa mhéid a fhorálfar faoin socrú atá luaite in Alt 6 den Chaibidil seo.

8. Comhlíonfaidh sealbhóir na Léachtóireachta sin dualgais na Léachtóireachta faoi stiúrú an Ollaimh le Gnáthdhochtúireacht.

## CAIBIDIL III

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon chead a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an séú lá de Mhárta, Dhá Mhíle agus a Dó, agus féadfar Reacht CCLXXII, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCLXXII, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-
Shéala Ollscoil na hÉireann,
Gaillimh, dó seo:

(L.S.)

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

4. The holder of the said Lectureship shall, subject to good conduct and the due fulfilment of his/her duties, continue in office until (s)he shall have attained the age of sixty-five years, and may thereafter be continued in office for five further years : PROVIDED that such further continuance in office be recommended to Údarás na hOllscoile by the President and be sanctioned annually by Údarás na hOllscoile.

5. The holder of the said Lectureship shall give clinical instruction to the students of the University at such hours and at such locations as the Academic Council may prescribe, subject to review by Údarás na hOllscoile.

6. The holder of the said Lectureship shall, in addition, discharge such professional duties as are appropriate to the office in accordance with an arrangement determined by Údarás na hOllscoile.

7. The holder of the said Lectureship shall be precluded from engaging in private practice or consultancies in any form or retaining any fees which may be received by him/her in connection with his/her work except in so far as may be provided under the arrangement referred to in Section 6 of this Chapter.

8. The holder of the said Lectureship shall carry out the duties of the Lectureship under the direction of the Professor of General Practice.

## CHAPTER III

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.

2. This Statute shall come into operation on the sixth day of March, Two Thousand and Two, and may be cited as Statute CCLXXII, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCLXXII, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common
Seal of National University of
Ireland, Galway, was affixed hereto:

**L.S.**

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*